An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

TREOIR DON CHLÁRÚCHÁN

Léigh an treoir seo ina hiomláine, le do thoil, sula dtosóidh tú.

Ag teacht leis na hathruithe atá riachtanach chun Gráid Ríofa a chur ar fáil do scoláirí a bhí chun scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí a dhéanamh i mbliana, tá Tairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí forbartha ag Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa sa Roinn Oideachais.

Murar chláraigh tú roimhe seo, ní mór duit clárú i dtús báire.

MURAR chláraigh tú, téigh ar aghaidh chuig CÉIM 1 sa treoir seo.

Dearadh tairseach na scoláirí le go mbeadh sé éasca í a úsáid ach ní mór duit an treoir seo a léamh ina hiomláine lena chinntiú go bhfuil gach rud a theastaíonn agat sula gcuirfidh tú tús le próiseas an chlárúcháin.

Mura bhfaighidh tú na freagraí a theastaíonn uait tar éis an treoir seo a léamh, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an deasc chabhrach ag 1800-111135 nó 1800-111136. Tabhair do d'aire, le do thoil, nach mbeidh línte fóin na deisce cabhrach ar fáil ACH AMHÁIN idir 9 am agus 4 pm ón Luan an Meán Fómhair go dtí 5 p.m Aoine 2 Deireadh Fómhairde bharr srianta COVID-19

Taobh amuigh de na huaireanta sin, féadfaidh tú ríomhphost a chur chuig lcsupport2020@education.gov.ie.

Céim 1: Cláraigh

1. Sula dtosóidh tú, beidh na nithe seo a leanas ag teastáil uait:
    a. do Scrúduimhir — **féach thíos mura bhfuil an uimhir sin ar eolas agat.**
    b. d'Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
    c. seoladh ríomhphoist a mbeidh rochtain rialta agat air sna míonna seo amach romhainn
    d. d'uimhir fóin póca.

2. Bainfidh tú úsáid as na chéad cheithre dhigit de d'uimhir PSP mar d'uimhir aitheantais phearsanta (UAP) chun d'aitheantas a dheimhniú sa phróiseas clárúcháin.

3. Téigh chuig www.gov.ie/leavingcertificate

4. Cliceáil ar an nasc **Tairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí** ag barr an leathanaigh. Tabharfaidh sé sin chuig leathanach fáiltithe Thairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí thú

5. Roghnaigh an cnaipe glas **Cláraigh ag Úsáid Uimhir Iarrthóra agus UAP**. Ansin, tabharfar chuig an leathanach Clárúchán Céim 1 thú. Is ansin a dhéanfaidh tú d'aitheantas a dheimhniú.

6. **Deimhnigh d'Aitheantas** —Ar an leathanach Clárúchán Céim 1 cuir isteach do Scrúduimhir sa chéad bhosca. Cuir isteach na chéad cheithre dhigit de do UPSP sa bhosca a bhfuil UAP marcáilte air. Cliceáil ar **Deimhnigh Aitheantas** Ansin, tabharfar chuig an leathanach Clárúchán Céim 2 thú. Is ansin a dhéanfaidh tú do Chuntas do Thairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí a chruthú.

7. **Cruthaigh do Chuntas** — Ar an leathanach Clárúchán Céim 2, ní mór duit iad seo a leanas a chur isteach agus a dheimhniú;

    a. D'uimhir fóin póca.
    b. Do sheoladh ríomhphoist

    Ní mór duit freisin pasfhocal a chruthú agus beidh ort é sin a chur isteach agus a dheimhniú. Ní mór go mbeadh 8 gcarachtar ar a laghad sa phasfhocal agus go mbeadh carachtair sa chás uachtair agus sa chás íochtair chomh maith le huimhreacha san áireamh ann. Nuair a bheidh an méid sin déanta agat, cliceáil ar an gcnaipe **Cruthaigh Cuntas**. Nuair a dhéanfaidh tú é sin ginfear ríomhphost chuig do sheoladh ríomhphoist agus tabharfar chuig an leathanach um Ghníomhachtú Cuntais thú.

8. **Gníomhachtaigh do Chuntas** — Chun an próiseas clárúcháin a chríochnú, ní mór duit cliceáil ar an nasc sa ríomhphost a seoladh chuig do chuntas ríomhphoist. Is ón Roinn Oideachais agus Scileanna a thiocfaidh an ríomhphost sin. Más cosúil nach bhfuair tú an ríomhphost seiceáil d'fhillteáin TURSCAIR agus DRAMHAÍOLA sula rachaidh tú i dteagmháil leis an deasc chabhrach. Má chliceálann tú ar an nasc sa ríomhphost críochnófar an próiseas clárúcháin agus deimhneofar do Chuntas TGRS. Tabhair do d'aire: ní mór duit cliceáil ar an nasc sin chun do chuntas a ghníomhachtú.

9. Coinnigh sonraí do chuntais in áit shábháilte (an Scrúduimhir agus an pasfhocal a chruthaigh tú) ionas go bhféadfaidh tú rochtain a fháil ar an tairseach níos déanaí nuair a iarrfaimid ort sin a dhéanamh.

Ceisteanna agus Freagraí

NÍL MO SCRÚDUIMHIR AR EOLAS AGAM – CONAS IS FÉIDIR LIOM Í SIN A FHÁIL?

Thug do scoil, d'ionad oideachais, nó Coimisiún na Scrúduithe Stáit an uimhir sé dhigit sin duit níos luaithe sa bhliain má d'iontráil tú ar an Ardteistiméireacht go neamhspleách. Seiceáil do chuid taifead, le do thoil, chun an uimhir a fháil.

Mura bhfuil tú fós ábalta teacht ar an uimhir agus má tú ag freastal ar scoil nó ar ionad oideachais eile (lena n-áirítear Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna nó coláiste príobháideach) ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leosan chun cabhair a lorg.

Más iarrthóir seachtrach thú ba cheart go mbeadh an uimhir sin agat ar taifead ón gcomhfhreagras a fuair tú ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Mura bhfuil tú ábalta teacht ar an uimhir sin fós féin, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an deasc chabhrach chun cabhair a fháil.

Cén fáth a bhfuil orm Uimhir Aitheantais Phearsanta a chruthú don tseirbhís seo?

De bhrí nach bhfuil ar ár gcumas Uimhreacha Aitheantais Phearsanta a eisiúint chugat go díreach nó trí do scoil, táimid ag iarraidh ort do UAP féin a chruthú agus feidhm á baint agat as

na chéad cheithre dhigit de d'Uimhir Phearanta Seirbhíse Poiblí (UPSP). Má chuireann tú do scrúduimhir in éineacht leis an UAP seo, féadfaidh tú d'aitheantas a dheimhniú chun clárú le Tairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí.

Cad is Uimhir PSP ann?

Uimhir thagartha uathúil is ea d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP). Bíonn seacht n-uimhir i gcónaí in Uimhir PSP agus litir amháin nó dhá litir ina dhiaidh sin.

Níl m'Uimhir PSP ar eolas agam – cá bhfaighidh mé í?

Gheobhaidh tú d'Uimhir PSP ar na doiciméid seo a leanas:

- Cárta Seirbhísí Poiblí
- Cárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra
- An Cárta Eorpach um Árachas Sláinte
- An Cárta don Scéim um Íocaíochtaí Drugaí
- Duillíní pá a fuair tú ó d'fhostóir, má tá tú ag obair
- Comhfhreagras ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

2. Má tá tú i do chónaí sa bhaile le tuismitheoir nó caomhnóir, seiceáil leosan, féachaint an mbeadh d'Uimhir PSP ar eolas acu.

Má tá na foinsí go léir a moladh seiceáilte agat agus mura féidir leat fós an uimhir a aimsiú, féadfaidh tú seiceáil le do scoil mar go mb'fhéidir go mbeadh an uimhir sin ina gcuid taifead acusan. (**Tabhair ar aird:** Mar gheall ar an ngéarchéim sláinte poiblí, ba cheart duit gach iarracht a dhéanamh teacht ar d'Uimhir PSP, agus céimeanna 1-3 thuas á leanúint agat, sula ndéanfaidh tú teagmháil le do scoil.)

Tá mé tar éis na foinsí go léir a moladh a sheiceáil agus sheiceáil mé le mo scoil agus fós féin nílim ábalta m'Uimhir PSP a aimsiú?

- Mura bhfuil tú ábalta d'Uimhir PSP a fháil go fóill, ba cheart duit glaoch ar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ag 071 967 2616 nó 1890 927 999. **Má tá tú faoi bhun ocht mbliana déag d'aois, beidh ar do thuismitheoir nó ar do chaomhnóir an teagmháil sin a dhéanamh ar do shon.**

Níl Uimhir PSP agam, nó creidim nach raibh ceann agam nuair a d'iontráil mé ar scrúduithe na hArdteistiméireachta. Ar cheart dom ceann a fháil anois?

Níor cheart. Mura bhfuil UPSP agat, nó mura raibh ceann agat nuair a d'iontráil tú ar na scrúduithe, ba cheart duit ríomhphost a sheoladh chuig lcsupport2020@education.gov.ie

Tá m'Uimhir PSP agam, agus chuir mé isteach na chéad cheithre dhigit mar mo UAP ach ní aithníonn an córas iad, cad ba cheart dom a dhéanamh?

Má tá tú cinnte go bhfuil do scrúduimhir curtha isteach i gceart agat chomh maith leis na chéad cheithre dhigit de d'uimhir PSP, ba cheart duit Ríomhphost a sheoladh chuig lcsupport2020@education.gov.ie

Má tá deacrachtaí teicniúla agam maidir le rochtain a fháil ar Thairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí, cad ba cheart dom a dhéanamh?

Má tá deacrachtaí ar bith agat, féadfaidh tú ríomhphost a sheoladh chuig lcsupport2020@education.gov.ie

Cosaint Sonraí

Fógra Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí

Féadfar teacht ar an bhfógra príobháideachta ina dtugtar tuilleadh eolais maidir le húsáid sonraí pearsanta a fháil le chéile ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/parents-children/privacy-notice-students-calculated-grades-leaving-certificate-2020.pdf. Tá sonraí iomlána maidir le beartas cosanta sonraí na Roinne ar fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/